

# Gréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath

## Doiciméad Achoimre

Meán Fómhair 2020

BUS CONNECTS

MORE PEOPLE, TO MORE PLACES, MORE OFTEN.

Project Ireland 2040
*Building Ireland's Future*

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1. Réamhrá** | | **3** |
| 1.1 | Cad is BusConnects ann? | 3 |
| 1.2 | Cén fáth a bhfuil an gréasán bus á athdhearadh againn? | 4 |
| 1.3 | Cé na tairbhí a ghabhann leis an ngréasán athdheartha? | 5 |
| 1.4 | An dóigh a n-oibreoidh an gréasán nua | 6 |
| 1.5 | Cad a bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí? | 7 |
| **2. Cur Chun Feidhme an Ghréasáin** | | **9** |
| 2.1 | Cad é an chéad chéim eile? | 9 |
| **3. An Gréasán Nua** | | **11** |
| 3.1 | Gréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath – Léarscáil an Phictiúir Mhóir | 12 |
| 3.2 | Táblaí Minicíochta | 13 |

# 1. Réamhrá

Tá lear feabhsuithe ar iompar poiblí á ndéanamh ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás). Tá roinnt snáitheanna comhuaineacha gníomhaíochta i gceist le BusConnects, an ghné bus den obair sin. Tugtar breac-chuntas sa doiciméad achoimre seo ar Ghréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath, atá foilsithe anois. Is ar bhonn céimnithe a dhéanfar Gréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath mar a léirítear anseo a chur chun feidhme, ag tosú go luath sa bhliain 2021. Déantar achoimre sa doiciméad seo ar stair an tionscadail, ar an straitéis cur chun feidhme agus ar na hábhair thacaíochta ábhartha uile, lena n-áirítear léarscáileanna agus minicíochtaí. Is féidir amharc ar an Athdhearadh Gréasáin ina iomláine ar ár suíomh Gréasáin ag **www.busconnects.ie**

## 1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann. Is cuid thábhachtach é de bheartas an Rialtais um fheabhas a chur ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile ar fud na hÉireann. Áirítear an tAthdhearadh Gréasáin agus tionscadal na Croíchonaire Bus le BusConnects i mBaile Átha Cliath.

D'oibrigh foireann BusConnects i ndlúthchomhar le comhfhoirne i gcathracha eile a chuir tionscadail ar an scála seo chun feidhme, agus ghlac an fhoireann na moltaí uathu.


Tá BusConnects ar áireamh sna straitéisí beartais seo a leanas de chuid an Rialtais:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027;
- An Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035; agus
- An Plean Gnímh don Aeráid 2019.










Clár atá comhdhéanta de naoi ngné mar a leanas is ea BusConnects, Baile Átha Cliath:

1. Gréasán atá comhdhéanta de **chonairí bus na chéad ghlúine eile** – breis agus 230 km de lánaí bus (agus 200 km de raonta/lánaí rothar) chun turais a dhéanamh níos tapa agus níos iontaofa;
2. **Athdhearadh iomlán an ghréasáin bus** – chun gréasán níos éifeachtúla a mbeidh dromlaigh ardmhinicíochta, cuarbhealaí nua agus seirbhísí méadaithe bus aige a sholáthar;
3. **Córas úrscothach ticéadaithe** – chun córas ticéadaithe a bheidh níos simplí, níos nua-aimseartha, níos áisiúla agus níos comhtháite a sholáthar;
4. Aistriú chuig córas **íocaíochta gan airgead tirim** – chun an próiseas um íoc as turais bhus a chuíchóiriú agus a luathú;

5. **Struchtúr táillí níos simplí** – chun gluaiseacht idir seirbhísí difriúla bus agus idir busanna agus modhanna eile iompair a dhéanamh níos fónta agus níos fusa, gan pionós airgeadais a fháil;

6. **Áiseanna Páirceála agus Taistil** – chun cur ar chumas na ndaoine sin atá ag taisteal achair níos faide cuid den turas a chlúdach sa charr, an carr a fhágáil i gcarrchlós tiomnaithe ansin agus an turas a chríochnú ar an mbus;

7. **Libhré nua bus** – stíl chomhchoiteann ar fud na n-oibritheoirí difriúla a sholáthar, ar stíl í a bheidh ina léiriú ar chóras iompair atá nua-aimseartha agus éifeachtach;

8. **Stadanna agus scáthláin nua bus** – a dtabharfar faisnéis níos fearr maidir le bealaí agus táillí ag gach ceann díobh agus a dtabharfar faisnéis amchláir atá sonrach do gach stad ar leith acu; agus

9. **Feithiclí astaíochta ísle** – chun rannchuidiú le spriocanna athraithe aeráide na hÉireann a bhaint amach trí aistriú chuig flít bus lena ngabhfaidh astaíochtaí níos ísle.

## 1.2 Cén fáth a bhfuil an gréasán bus á athdhearadh againn?

Is é an toradh a bheidh ar BusConnects, Baile Átha Cliath, ná go dtabharfar gréasán bus isteach a bheidh athdheartha, a mbeidh toilleadh níos airde aige agus a bheidh níos comhleanúnaí ó thaobh pleanála de agus níos sothuigthe, rud a sholáthróidh córas bus a bheidh níos fearr ina iomláine do Bhaile Átha Cliath agus do na limistéir mórthimpeall.

Leis an ngréasán nua bus, freastalófar ar phaisinéirí san am i láthair agus san am atá le teacht ar bhealach a bheidh níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Cuid ríthábhachtach de dhul i ngleic leis an athrú aeráide is ea an gá le carranna príobháideacha a laghdú agus níos mó daoine a aistriú chuig iompar poiblí.

Tá ag an ngréasán bus reatha a lán bealaí forluiteacha, áit inarb amhlaidh nach bhfuil spás cothrom ann idir na seirbhísí bus agus nach bhfuil ach beagán comhtháthaithe ann idir seirbhísí bus agus modhanna eile iompair. Beidh Gréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath ina sheirbhís níos iontaofa agus níos éifeachtúla lena dtógfar níos mó daoine go níos mó áiteanna ar bhonn níos minice.

Simpleofar táillí bus, Luas agus DART chun go n-áireofar leo raon simplithe táillí Léime agus airgid thirim.

**1.** "Ticéad 90 Nóiméad" lena gclúdófar gach turas bus, gach turas Luas agus gach Turas Gairid DART **a tosaíodh laistigh de thréimhse 90 nóiméad** agus;


**2.** Rogha táille ghearr-achair le haghaidh turais ghearra. Bainfear an táille ghearr-achair as an táille 90 nóiméad má thógtar turas eile laistigh de 90 nóiméad. Fágfaidh na Táillí 90 Nóiméad nach mbeidh ort táille bhreise a íoc chun athrú idir modhanna difriúla iompair phoiblí. Leanfaidh pasanna bus, ticéid Rambler agus ticéid Taxsaver ar aghaidh ag obair mar a oibríonn siad faoi láthair.




## 1.3 Cé na tairbhí a ghabhann leis an ngréasán athdheartha?


Faoi réir cistiú a fháil ón Rialtas,
soláthrófar na nithe seo leis an ngréasán:

**Méadú foriomlán 23% i seirbhísí bus**








**Rochtain níos fearr ar sheirbhísí bus –** beidh méadú 16%, ó thart ar 800,000 duine go 925,000 duine, ann ar an líon daoine a chónaíonn laistigh de 400 m ó sheirbhís mhinic go Lár na Cathrach.



**15 NÓIMÉAD**


**Seirbhísí méadaithe tráthnóna agus deireadh seachtaine –**
áit a n-oibreoidh na bealaí is minice gach 15 nóiméad ar a laghad idir 6am agus 11pm ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn agus, i gcás an chuid is mó díobh, ar an Domhnach freisin.



**Toilleadh méadaithe ag buaic-amanna taistil**



**Níos mó rochtana ar phoist agus ar dheiseanna oideachais do gheall le haon mhilliún duine**




**Naisc nua chuig scoileanna, chuig ospidéil agus chuig seirbhísí riachtanacha eile**




**Áireofar leis an ngréasán nua roinnt bealaí a bheidh i mbun oibre 24 huaire an chloig –**
Oibreofar na seirbhísí sin ar fud na hoíche chun tacú le geilleagar oíche a bhíonn ag méadú fud fad Bhaile Átha Cliath. Oibreofar na seirbhísí ar bhonn minicíochta 30 nóiméad, agus gearrfar astu na táillí céanna a ghearrfar as seirbhísí eile.

## 1.4 An dóigh a n-oibreoidh an gréasán nua

Faoin bplean, eagrófar an gréasán anois ar bhonn na ndromlach a ghathóidh amach ó lár na cathrach, le tacaíocht ó roinnt seirbhísí eile.

## Beidh na bealaí nua comhdhéanta díobh seo:

**Dromlaigh (A-H) –** bealaí minice a bheidh comhdhéanta de sheirbhísí bus aonair a amchlárófar chun obair le chéile feadh conaire. Ag deireadh na conaire, imeoidh na seirbhísí aonair amach chun freastal ar limistéir dhifriúla;

**Cuarbhealaí (O, N, S, W) –** seirbhísí a oibreoidh timpeall na cathrach. Soláthróidh siad naisc idir bruachbhailte agus lár bailte, gan aon ghá le taisteal isteach i Lár na Cathrach. Soláthróidh siad naisc chuig bealaí iarnróid, bealaí Luas agus bealaí eile bus freisin;

**Bealaí Eile i dTreo na Cathrach (1-99) –** seirbhísí a oibreoidh isteach i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ní bheidh na seirbhísí sin ina gcuid d'aon dromlach agus oibreoidh siad ar a n-amchlár féin;

**Bealaí Áitiúla (L) –** seirbhísí a sholáthróidh naisc thábhachtacha laistigh de limistéir áitiúla, agus iad ag nascadh chuig ionaid áitiúla mhiondíola agus chuig naisc iompair ar aghaidh (e.g. chuig bealaí Iarnróid, Luas agus Dromlaigh); agus

**Bealaí le linn Buaic-amanna Amháin (P) –** seirbhísí a oibreoidh le linn na dtréimhsí buaic-ama taistil, arb iad maidineacha agus tráthnónta ar laethanta le linn na seachtaine iad de ghnáth, agus toilleadh breise á sholáthar acu feadh príomhchonairí bus.

**Mearbhealaí (X) –** seirbhísí díreacha ó na bruachbhailte amuigh go Lár na Cathrach ag buaic-uaireanta comaitéireachta, a oibreoidh seirbhís stadanna teoranta chun paisinéirí a thabhairt chun a gcinn scríbe ar bhealach níos tapa.

## 1.5 Cad a bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí?

Tá comhairliúchán ina ghné lárnach de Ghréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath ón tús, agus aiseolas díreach á fháil ón bpobal agus ó ionadaithe poiblí araon. Tar éis trí bhabhta comhairliúcháin a sheoladh agus na mílte aighneachtaí a fháil, tháinig athrú suntasach ar an ngréasán ó foilsíodh an togra tosaigh.

Sa bhliain 2017, d'fhoilsigh an tÚdarás an Tuarascáil Roghanna ar an nGréasán Bus i mBaile Átha Cliath. Sa Tuarascáil Roghanna, athbhreithníodh patrúin an éilimh iompair ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath agus struchtúr an ghréasáin bus atá ann cheana. Sainaithníodh roinnt fadhbanna leis an gcóras bus reatha agus moladh straitéisí féideartha don phobal chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin.
Seoladh comhairliúchán maidir leis an tuarascáil sin sa bhliain 2017. Fuarthas 11,000 freagra, inar taispeánadh tacaíocht leathan do na prionsabail straitéiseacha um chomhordú níos fearr agus um chuarsheirbhís fheabhsaithe.

Ag teacht sna sála ar athbhreithniú ar na haighneachtaí sin, foilsíodh tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí maidir le Gréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath le haghaidh comhairliúcháin i mí Iúil 2018. Moladh sa tuarascáil roinnt athruithe bunúsacha ar an ngréasán atá ann cheana, agus é mar aidhm leo seirbhísí feabhsaithe agus córas iompair phoiblí níos comhtháite a sholáthar do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Cuireadh comhairliúchán maidir leis na tograí ar siúl sa bhliain 2018. Fuair an tÚdarás geall le 50,000 freagra, idir aighneachtaí, achainíocha, ríomhphoist agus litreacha, inar leagadh béim ar roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear seirbhís dhíreach a chailleadh, an gá le cómhalartú, rochtain ar scoileanna agus ar ospidéil, agus an tionchar féideartha ar dhaoine scothaosta agus ar dhaoine faoi mhíchumas.

Bunaithe ar an aiseolas sin, thug foireann BusConnects faoi mhionanailís ar na freagraí, ag sainaithint na limistéar agus na mbealaí bus ar tarraingíodh ábhair imní anuas ina leith, agus d'fhéach sí le formhór mór na saincheisteanna sin a réiteach. Leasaíodh na tograí ar bhonn an aiseolais a fuarthas agus ullmhaíodh an dara dréacht den ghréasán.

Cuireadh comhairliúchán maidir leis an dara dréacht de Ghréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath ar siúl go mall sa bhliain 2019.



Fuarthas pas beag níos mó ná 11,000 aighneacht ag an am sin. D'athbhreithnigh foireann BusConnects an t-aiseolas agus, tar éis na saincheisteanna a tarraingíodh anuas a chur san áireamh, leasaigh sí an gréasán de réir mar is cuí. Foilsíodh an Tuarascáil Comhairliúcháin Gréasáin deiridh, agus is féidir amharc uirthi agus í a íoslódáil ag **busconnects.ie**.



# 2. Cur Chun Feidhme an Ghréasáin

Tá sé tábhachtach go ndéanfar an gréasán nua a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe pleanáilte thar thréimhse ama lena n-éascófar an fhaisnéis do chustaiméirí, an t-ullmhúchán oibríochta agus an oiliúint ar fad a theastaíonn. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach úsáideoir bus san am i láthair agus san am atá le teacht ar an dóigh a n-oibreoidh an gréasán nua agus ar an difríocht idir í agus an gréasán reatha. **Chinn an tÚdarás an gréasán nua a thabhairt isteach de réir a chéile. Cuirfear an cur chun feidhme ar siúl thar roinnt blianta ón mbliain 2021 ar aghaidh. Beidh 11 chéim i gceist leis agus beidh sé faoi réir cistiú a fháil ón Rialtas.**

Is é an aidhm atá leis an gcur chuige céimnithe ná soláthar fónta éifeachtúil na dtairbhí uile do gach úsáideoir bus a chinntiú, agus á chinntiú ag an am céanna go mbeidh an gréasán freagrúil agus solúbtha de réir mar a fhásann an chathair agus a athraíonn riachtanais daoine. Coinneofar athruithe ar an ngréasán faoi athbhreithniú leanúnach chun a chinntiú go mbeidh na tairbhí beartaithe á soláthar agus déanfar coigeartuithe de réir mar is gá.

De réir mar a thugtar gach Dromlach ar leith isteach, cuirfear seirbhísí comhlántacha breisithe chun feidhme ag an am céanna;

- Tabharfar cuarbhealaí breisithe isteach sna luathchéimeanna de chur chun feidhme toisc go soláthrófar leo mórthairbhí nascachta gréasáin do chustaiméirí agus go dtacóidh siad le seirbhísí dromlaigh a thabhairt isteach.
- Tabharfar seirbhísí áitiúla nua agus mearsheirbhísí nua isteach ag an am céanna a dtabharfar an dromlach lena mbaineann isteach.
- Is bealaí traschathrach iad an-chuid de na dromlaigh. Dá bhrí sin, cuirfear in ionad roinnt bealaí gathacha atá ann cheana in dhá chéim. Sa chás sin, coinneofar an nasc chuig lár na cathrach ar bun idir an dá linn.

## 2.1 Cad é an chéad chéim eile?

Cuirfear tús leis an ngréasán nua a chur chun feidhme sa bhliain 2021, faoi réir cistiú a fháil ón Rialtas. Is é an aidhm atá leis sin go dtabharfar go leor ama chun faisnéis chuimsitheach do chustaiméirí agus aon athruithe oibríochta, oiliúint tiománaithe agus sceidealú a theastaíonn a chur i bhfeidhm. Cuirfear clár cuimsitheach eispéireas custaiméirí i bhfeidhm i dteannta chur chun feidhme an ghréasáin nua chun go dtabharfar eolas iomlán don phobal faoi na hathruithe uile ar sheirbhísí agus faoi cén uair a thiocfaidh siad i bhfeidhm. Cuirfidh na nithe seo a leanas é sin ar aghaidh:

- Luath-theagmháil chuimsitheach réamhghníomhach le húsáideoirí bus
- Feachtais fógraíochta áitiúla ar gach bealach sula ndéanfar athruithe ar an ngréasán
- Feachtais faisnéise poiblí a bheith á spriocdhíriú ar láithreacha stad bus agus ar bhord busanna sula gcuirfear aon athruithe chun feidhme

- Acmhainní faisnéise do chustaiméirí a bheith i bhfeidhm sula ndéanfar aon athruithe ar an ngréasán bus, lena n-áireofar faisnéis ar líne, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafón shonrach a sholáthar le haghaidh ceisteanna

- Tabharfaidh an tÚdarás agus gach oibritheoir bus tacaíocht atá sonrach d'inrochtaineacht d'aon úsáideoirí bus a dteastaíonn uathu í agus cabhróidh siad leis an tacaíocht sin

- Teagmháil le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear grúpaí do dhaoine faoi mhíchumas.

Chun na léarscáileanna gréasáin nua a íoslódáil, téigh chuig ár suíomh Gréasáin ag **www.busconnects.ie**, áit ar féidir amharc ar leagan inrochtana den doiciméad seo agus í a íoslódáil.



# 3. An Gréasán Nua



# 3.1 Gréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath – Léarscáil an Phictiúir Mhóir




**Tá léarscáileanna ardtaifigh den limistéar áitiúil ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.busconnects.ie**

# Táblaí minicíochta bealaí dromlaigh

Is é an uimhir i ngach bosca an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid. Tá sí faoi réir coigeartú ar aon dul leis an líon paisinéirí sa todhchaí.

| **Dromlaigh agus Craobhacha** | | Lá le linn na seachtaine | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimhir bhealaigh | Go agus Ó | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| **DROMLACH A** | **Bóthar Shoird - Lár na Cathrach - Tír an Iúir** | 8 | 4 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 4 | 4 | 4 | 4 | 8 |
| **A1** | **Beaumont - Lár na Cathrach - Cnoc Lín** | 30 | 15 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **A2** | **An tAerfort - Lár na Cathrach - Baile an tSaoir - Dún Droma** | 30 | 15 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **A3** | **Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - Lár na Cathrach - Tamhlacht** | 30 | 15 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **A4** | **Sord - Lár na Cathrach - Dún Droma** | 30 | 15 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **DROMLACH B** | **I.S. Bhaile Bhlainséir - Lár na Cathrach - COBÁC** | 8 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 8 |
| **B1** | **Ongar - Lár na Cathrach - COBÁC** | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **B2** | **Ongar Thuaidh - Cluain Saileach - Lár na Cathrach - COBÁC** | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **B3** | **Baile an Tirialaigh - Lár na Cathrach - Dún Laoghaire** | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **B4** | **I.S. Bhaile Bhlainséir - Lár na Cathrach - An Naigín** | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **DROMLACH C** | **Leamhcán - Lár na Cathrach - An Rinn** | 15 | 8 | 4 | 5 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 5 | 4 | 5 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 |
| **C1** | **Baile Adaim - Lár na Cathrach - Dumhach Thrá** | 60 | 30 | 8 | 8 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 8 | 8 | 8 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C2** | **Baile Adaim - Lár na Cathrach - Dumhach Thrá** | 60 | 30 | 8 | 15 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 15 | 8 | 15 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C3** | **Maigh Nuad - Lár na Cathrach - An Rinn** | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C4** | **Cill Droichid - Lár na Cathrach - An Rinn** | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |

# Táblaí minicíochta bealaí dromlaigh - ar lean ó leathanach 13

Is é an uimhir i ngach bosca an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid. Tá sí faoi réir coigeartú ar aon dul leis an líon paisinéirí sa todhchaí.

| | An Satharn | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimhir bhealaigh | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| **Dromlach A** | 5 | 5 | 5 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 5 | 5 | 5 | 5 | 8 |
| **A1** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **A2** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **A3** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **A4** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **Dromlach B** | 5 | 5 | 5 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 5 | 5 | 5 | 5 | 8 |
| **B1** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **B2** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **B3** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **B4** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **Dromlach C** | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 |
| **C1** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C2** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C3** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C4** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |

| | An Domhnach | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimhir bhealaigh | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| **Dromlach A** | 8 | 8 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 |
| **A1** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **A2** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **A3** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **A4** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **Dromlach B** | 8 | 8 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 |
| **B1** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **B2** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **B3** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **B4** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **Dromlach C** | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 |
| **C1** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C2** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C3** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **C4** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |

# Táblaí minicíochta bealaí dromlaigh

Is é an uimhir i ngach bosca an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid. Tá sí faoi réir coigeartú ar aon dul leis an líon paisinéirí sa todhchaí.

| Dromlaigh agus Craobhacha | | Lá le linn na seachtaine | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimhir bhealaigh | Go agus Ó | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| DROMLACH D | Bóthar Mhullach Íde - Lár na Cathrach - Cromghlinn | 8 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 8 |
| D1 | Cluain Ghrífín - Lár na Cathrach - Caisleán na Gráinsí | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| D2 | Halla an Chláir - Lár na Cathrach - Iarthar na Cathrach | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| D3 | Cluain Ghrífín - Lár na Cathrach - Cluain Dolcáin | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| D4 | Bóthar Shoird - Lár na Cathrach - Cill an Ardáin | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| D5 | Éadan Mór - Lár na Cathrach - Tamhlacht | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| DROMLACH E | Baile Munna - Lár na Cathrach - Eaglais Charraig an tSionnaigh | 10 | 5 | 4 | 4 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 4 | 4 | 4 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 10 |
| E1 | An Choill Thuaidh - Lár na Cathrach - An tSráid Mhór, Bré - Baile Bhaltraim | 20 | 10 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 8 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 20 |
| E2 | Baile Shéarlais - Lár na Cathrach - Dún Laoghaire | 20 | 10 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 8 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 20 |
| DROMLACH F | Fionnghlas - Lár na Cathrach - Camaigh | 10 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 10 |
| F1 | Baile Shéarlais - Seachbhóthar Fhionnghlaise - Lár na Cathrach - Tamhlacht | 30 | 15 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| F2 | Baile Shéarlais - Fionnghlas Thiar Thuaidh - Lár na Cathrach - Teach Mealóg | 30 | 15 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| F3 | Baile Shéarlais - Fionnghlas Thiar Theas - Lár na Cathrach - Na Glaschnoic | 30 | 15 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| DROMLACH G | Baile Formaid - Lár na Cathrach - Ceantar na nDugaí | 15 | 8 | 6 | 6 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 |
| G1 | An Bhó Dhearg - Lár na Cathrach - Duga Spencer | 30 | 15 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| G2 | I.S. Ghleann na Life - Lár na Cathrach - Duga Spencer | 30 | 15 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| DROMLACH H | Bóthar Bhinn Éadair - Lár na Cathrach | 15 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 |
| H1 | Cluain Ghrífín - Domhnach Míde - Lár na Cathrach | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| H2 | Port Mearnóg - Cois Bá - Lár na Cathrach | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| H3 | Binn Éadair - Cois Bá - Lár na Cathrach | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |

# Tábłaí minicíochta bealaí dromlaigh - ar lean ó leathanach 15

Is é an uimhir i ngach bosca an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid. Tá sí faoi réir coigeartú ar aon dul leis an líon paisinéirí sa todhchaí.

## An Satharn

| Uimhir bhealaigh | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dromlach D** | 5 | 5 | 5 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 5 | 5 | 5 | 5 | 8 |
| **D1** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **D2** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **D3** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **D4** | 40 | 40 | 40 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 40 | 40 | 40 | 40 | 60 |
| **D5** | 40 | 40 | 40 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 40 | 40 | 40 | 40 | 60 |
| **Dromlach E** | 8 | 8 | 8 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 8 | 8 | 8 | 8 | 10 |
| **E1** | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 |
| **E2** | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 |
| **Dromlach F** | 7 | 7 | 7 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 7 | 7 | 7 | 7 | 10 |
| **F1** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **F2** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **F3** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **Dromlach G** | 10 | 10 | 10 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 |
| **G1** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **G2** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **Dromlach H** | 10 | 10 | 10 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 |
| **H1** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **H2** | 40 | 40 | 40 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 40 | 40 | 40 | 40 | 60 |
| **H3** | 40 | 40 | 40 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 40 | 40 | 40 | 40 | 60 |

## An Domhnach

| Uimhir bhealaigh | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dromlach D** | 8 | 8 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 |
| **D1** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **D2** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **D3** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **D4** | 60 | 60 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 60 | 60 | 60 | 60 | 60 |
| **D5** | 60 | 60 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 60 | 60 | 60 | 60 | 60 |
| **Dromlach E** | 10 | 10 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| **E1** | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 |
| **E2** | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 |
| **Dromlach F** | 10 | 10 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| **F1** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **F2** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **F3** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **Dromlach G** | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 |
| **G1** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **G2** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **Dromlach H** | 15 | 15 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 |
| **H1** | 30 | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **H2** | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 | 60 | 60 | 60 |
| **H3** | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 | 60 | 60 | 60 |

# Táblaí minicíochta cuarbhealaí

Is é an uimhir i ngach bosca an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid. Tá sí faoi réir coigeartú ar aon dul leis an líon paisinéirí sa todhchaí.

| Cuarbhealaí | | Lá le linn na seachtaine | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimhir bhealaigh | Go agus Ó | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| **O** | **An Cuarbhealach Istigh (An Cuarbhóthar Thuaidh agus an Cuarbhóthar Theas)** | 30 | 15 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **N2** | **Stáisiún Heuston - Droichead Broome - Stáisiún Iarnróid Chluain Tarbh** | | 20 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **N4** | **I.S. Bhaile Bhlainséir - Fionnghlas - Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - Ascaill Uí Choileáin - Ceantar na nDugaí** | 20 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 20 |
| **N6** | **Fionnghlas - Seantrabh - An Chúlóg - Domhnach Míde** | 20 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 20 |
| **N8** | **I.S. Bhaile Bhlainséir - Aerfort Bhaile Átha Cliath - Cluain Ghrífín** | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **S2** | **Stáisiún Heuston - Camaigh - Droichead na Dothra - An Poll Beag** | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **S4** | **Gleann na Life - Baile Formaid - Cromghlinn - Baile an Mhuilinn - COBÁC** | 20 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 20 |
| **S6** | **Tamhlacht - Dún Droma - COBÁC - An Charraig Dhubh** | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **S8** | **Tamhlacht - Áth an Ghainimh - Dún Laoghaire** | | 20 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **W2** | **Gleann na Life - Cluain Dolcáin - Tamhlacht** | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **W4** | **I.S. Bhaile Bhlainséir - Gleann na Life - Bóthar Chaisleán na Gráinsí - Tamhlacht** | | 30 | 15 | 15 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 15 | 15 | 15 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **W6** | **Maigh Nuad - Cill Droichid - Iarthar na Cathrach - Tamhlacht** | | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |

# Táblaí minicíochta cuarbhealaí - ar lean ó leathanach 17

**Is é an uimhir i ngach bosca an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid. Tá sí faoi réir coigeartú ar aon dul leis an líon paisinéirí sa todhchaí.**

## An Satharn

| Uimhir bhealaigh | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **O** | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **N2** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **N4** | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 |
| **N6** | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 |
| **N8** | 60 | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **S2** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **S4** | 15 | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 |
| **S6** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **S8** | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **W2** | 20 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **W4** | 60 | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **W6** | 60 | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |

## An Domhnach

| Uimhir bhealaigh | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **O** | 30 | 30 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **N2** | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **N4** | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 |
| **N6** | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 |
| **N8** | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **S2** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **S4** | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 |
| **S6** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **S8** | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **W2** | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **W4** | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |
| **W6** | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 |

# Táblaí minicíochta bealaí gathacha

